**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

***Scrúdú na hArdteistiméireachta 2011***

# Gaeilge Ardleibhéal

Páipéar 1

170 MARC

**Dé Luain**
**13 Meitheamh**
**Tráthnóna, 1.30 go dtí 4.20**

*Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 2*

# *Treoracha d'iarrthóirí*

**FREAGAIR CEIST 1 (*leathanach 3*) AGUS**
**CEIST 2 (*leathanach 4-7*)**

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*

*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

# Ceist 1

## CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de ***A, B, C nó D*** anseo thíos.
*Nóta: Is leor 500-600 focal mar fhreagra i gcás ar bith.*

| **A** | – AISTE – | **100 marc** |
|---|---|---|

Scríobh AISTE ar CHEANN AMHÁIN de na hábhair seo.

(a) An caidreamh sóisialta in aois an idirlín.
(b) Cearta páistí.
(c) Ceannairí an phobail.

| **B** | – SCÉAL – | **100 marc** |
|---|---|---|

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo oiriúnach mar theideal air.

(a) Dílseacht.
(b) Is fearr go mall ná go brách.

| **C** | – ALT NUACHTÁIN / IRISE – | **100 marc** |
|---|---|---|

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Chuir tú agallamh ar dhaoine óga **ó thíortha iasachta** faoin saol a bhí acu le roinnt blianta anuas in Éirinn.

Scríobh alt, bunaithe ar an agallamh sin, d'iris na scoile.

(b) Tá comórtas i nuachtán Gaeilge ag lorg ailt ar an ábhar seo a leanas:

*Mo rogha duine mar Uachtarán na hÉireann.*

Scríobh an t-alt a chuirfeá isteach ar an gcomórtas.

| **D** | – DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID – | **100 marc** |
|---|---|---|

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN díobh seo.

(a) Scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

*Is deacair a bheith dóchasach as an todhchaí in Éirinn.*

(b) Labhair tú le cumann carthanachta i do cheantar féin ar an ábhar thíos:

*Dualgas an Stáit i leith ár seandaoine.*

Scríobh an *óráid* a thug tú don chumann.

# *Ceist 2*

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **A** ar na leathanaigh 4 (thíos) agus 5 (thall), ***agus*** **B** ar na leathanaigh 6 agus 7.

### **A** – 35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
**BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.**

## Tamall ag múineadh na Gaeilge sa Pholainn

**1** Ní thabharfainn aird ar bith ar an bhfógra go rabhthas ag lorg múinteoir Gaeilge in Ollscoil Lublin in oirthear na Polainne murach go raibh mí caite agam sa Pholainn an bhliain roimhe sin, agus cuimhní áille agam ar an tír agus ar a muintir. Ar chlár na bhfógraí i gColáiste na hOllscoile i gCorcaigh a bhí an fógra crochta, an ollscoil ar bronnadh céim sa Ghaeilge agus sa Dlí orm i lár Mheán Fómhair 2003. Chuir mé m'iarratas faoi bhráid an Dochtúra Aidan Doyle láithreach, fear a raibh 17 mbliana caite sa Pholainn aige. Glacadh liom. Tugadh conradh bliana dom a bhféadfaí a athnuachan. Bhí lúcháir an domhain orm. Bhí spéis mhór agam sa taisteal agus b'fhurasta dom sciuirdeanna a thabhairt ar áiteanna éagsúla ar fud Mhór-Roinn na hEorpa dá mbeinn i mo chónaí i Lublin. Chuirfinn eolas ar chultúr eile agus d'fhoghlaimeoinn teanga nua. Chomh maith leis sin bheinn i mo chónaí i m'aonar, neamhspleách ar mo thuismitheoirí den chéad uair i mo shaol.

**2** Tá an Ghaeilge á múineadh in Ollscoil Chaitliceach Lublin (KUL) ó 1984 anall. Ag deireadh an dara bliain de chéim MA sa Bhéarla, bíonn ar na mic léinn rogha a dhéanamh idir an Ghaeilge agus an Bhreatnais. Le linn an tríú agus an ceathrú bliain, déanann siad staidéar ar an ábhar a roghnaíonn siad. Ní raibh mé i bhfad in KUL gur thuig mé gur cheap cuid mhaith de na mic léinn gur chur amú ama é an Ghaeilge a fhoghlaim. Tá eolas acu ar staid lag na Gaeilge in Éirinn. Is minic a cuireadh an cheist go scigmhagúil orm ar cheap mé gurbh í KUL an t-aon áit ar domhan a bhfuil an Ghaeilge á labhairt inti. Os a choinne sin bhí daoine ann a chaith a ndúthracht go fonnmhar leis an teanga agus a dúirt liom gurbh í an Ghaeilge a thug go dtí an ollscoil sin sa chéad áit iad. Ach le fírinne, is beag duine acu a mhaífeadh gur teanga éasca í an Ghaeilge. Is é an córas fuaime inti is deacra do na mic léinn sa Pholainn, murab ionann agus an Béarla. Tá córas fuaime an Bhéarla ar a dtoil acu.

**3** De réir mar a chuir mé aithne ar na Polannaigh thuig mé go bhfuil a meon an-chosúil le meon na nÉireannach. Tá an-chuid cosúlachtaí idir stair an dá thír. Cuireadh é sin abhaile orm an chéad uair a thug mé cuairt ar chathair álainn Vársá. Leagadh formhór na cathrach go talamh le linn laethanta deiridh an Dara Cogadh Domhanda nuair a d'éirigh muintir Vársá amach i gcoinne na Naitsíoch díreach mar a tharla i mBaile Átha Cliath leis na Sasanaigh i 1916. Dála éirí amach 1916, cuireadh an t-éirí amach sa Pholainn faoi chois go fuilteach tar éis seachtainí fada de throid fhíochmhar. Tógadh an chathair athuair, cloch ar chloch, i ndiaidh an chogaidh agus is ábhar inspioráide agus siombail de spiorad na saoirse anois í. Le linn dom taisteal ar fud na tíre, d'aithin mé tréithe eile sna daoine a mheabhraigh na hÉireannaigh dom – an cairdeas, an fhéile agus an chaoinfhulaingt. Rith sé liom gurb é sin díreach an rud a mbeifeá ag súil leis i dtír a bhfuil an oidhreacht shaibhir Chríostaí chéanna aici is atá ag Éirinn.

**4** Bunaíodh Ollscoil Chaitliceach Lublin (KUL) i 1918 agus tá sí ar cheann de na cúig institiúid tríú leibhéal atá suite in Lublin, an chathair is mó in oirthear na Polainne. Nuair a bhí an Pholainn faoi chuing an Chumannachais, bhí KUL mar lárionad ag an bhfreasúra Caitliceach frithchumannach. B'ábhar maíte é gurbh é KUL an t-aon ollscoil nach raibh faoi smacht na n-údarás cumannach. Is anseo a thagadh idir mhic léinn agus léachtóirí nár ligeadh isteach in ollscoileanna an stáit toisc gníomhartha frithchumannacha a bheith déanta acu. Ba san ollscoil seo a bhí Karol Wojtyla (Eoin Pól II) ina ollamh le hEitic sular toghadh ina Phápa é. Ba as KUL a tháinig mórán de lucht ceannais Solidarnosc a d'eagraigh stailceanna in Lublin in aghaidh an rialtais chumannaigh sa bhliain 1982. Thug an Pápa Polannach tacaíocht chinniúnach do Solidarnosc a rinne dochar mór don rialtas ag an am, rud ba chúis le titim an rialtais ar deireadh. Dá bhrí sin, ní haon áibhéil a rá go raibh KUL ar thús cadhnaíochta ghluaiseacht na saoirse sa Pholainn.



**5** Ní raibh mé i bhfad sa Pholainn nuair a chuaigh sé i gcion orm go bhfuil gnéithe d'iompar na bPolannach thar a bheith aisteach. Bíonn siad an-chiúin in áiteanna poiblí, mar shampla. Fiú scata déagóirí ar an tsráid, bíonn siad ag cogarnaíl ina ngrúpaí beaga le chéile agus iad an-aireach ar strainséirí a thagann ina gcóngar. Le linn ré an chumannachais, bhíodh ar dhaoine a bheith fíorchúramach lena gcuid cainte in áiteanna poiblí mar go mbíodh spiairí de chuid an stáit i ngach aon bhall. Tharla eachtra ghreannmhar dom lá amháin ach b'fhéidir gur léiriú é freisin ar laethanta duairce an chumannachais sa Pholainn. Lá a raibh ollmhargadh nua á oscailt in Lublin, bhí mé ag tarraingt ar an gcuntar le híoc as roinnt earraí nuair a chonaic mé bean mheánaosta taobh thiar díom. Ghéill mé slí di agus bhrúigh sí tharam go garbh gan oiread is focal sibhialta a rá liom. Mhínigh cara dom gur dócha go raibh cuimhne fós ag an mbean sin ar na ciúnna fada a bhíodh ann le linn ré an chumannachais nuair a bhí riachtanais na beatha gann.

Bunaithe ar an leabhar *Seal sa Pholainn* le Alan Desmond




## *Ceisteanna*

**1** (a) Cén taithí a bhí ag an údar ar an bPolainn? (Alt 1) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhainfeadh an t-údar as an bpost a bheith aige. (Alt 1) (4 mharc)

**2** (a) Cén fáth a bhfuil an Ghaeilge á múineadh in KUL? (Alt 2) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** dhearcadh atá ag na Polannaigh faoi fhoghlaim na Gaeilge. (Alt 2) (4 mharc)

**3** (a) Luaigh cosúlacht **amháin** idir Vársá agus Baile Átha Cliath. (Alt 3) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** thréith a bhaineann le muintir na Polainne, **agus** luaigh céard is bun leis na tréithe sin, dar leis an údar. (Alt 3) (4 mharc)

**4** (a) Cá bhfuil cathair Lublin suite? (Alt 4) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** phointe eolais faoin bPápa Eoin Pól II. (Alt 4) (4 mharc)

**5** (a) Cad a thug an t-údar faoi deara faoi iompar na ndéagóirí ar an tsráid? (Alt 5) (3 mharc)

(b) Cad a tharla san ollmhargadh lá **agus** cén míniú a fuair an t-údar ar an eachtra? (Alt 5) (4 mharc)

# *Ceist 2* *ar leanúint*

## LÉAMHTHUISCINT 70 MARC

Freagair **B** ar na leathanaigh 6 (thíos) agus 7 (thall).

**B** – 35 mharc

*Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.*
**BÍODH NA FREAGRAÍ I D'FHOCAIL FÉIN, OIREAD AGUS IS FÉIDIR LEAT.**

## Máire Mhic Róibín – Duine de Laochra na hÉireann

**1** Tharraing an tsraith theilifíse *An Phearsa is Mó i Stair na hÉireann* aird an phobail anuraidh. Cúig chlár a bhí sa tsraith faoi chúigear a raibh páirt thábhachtach acu i nuastair na hÉireann. Ba iad James Connolly, Michael Collins, John Hume, Bono agus Máire Mhic Róibín (Mary Robinson) an cúigear a bhí i gceist. Ag deireadh na sraithe tugadh cuireadh don lucht féachana vótáil don duine den chúigear is mó a rinne leas na tíre, dar leo. Cuid suntais é nach raibh ach bean amháin ina measc. Tá cuimhne fós ar an tréimhse a chaith Máire Mhic Róibín mar Uachtarán na hÉireann idir 1990 agus 1997. Tá cuimhne ar fud an domhain ar na cuairteanna a thug sí ar áiteanna san Afraic ina raibh daoine ag fulaingt go mór mar gheall ar an ngorta agus ar an gcogaíocht. Tá caint go fóill ar an gcaoi ar chaoin Máire nuair a chonaic sí páiste sa tSomáil a bhí ag fáil bháis den ocras. Ní raibh Máire Mhic Róibín sa nuacht in Éirinn chomh minic céanna ó d'éirigh sí as an Uachtaránacht le dul i mbun dualgais mar Ard-Choimisinéir um Chearta an Duine leis na Náisiúin Aontaithe, ach is iomaí sin gradam agus duais a bronnadh uirthi thar lear mar gheall ar a cuid oibre ar son chearta an duine.

**2** David McWilliams a chuir an clár faoi Mháire Mhic Róibín i láthair. Thagair sé ar dtús dá hóige agus dá cúlra. Caitlicigh choimeádacha ghustalacha as Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo, ba ea a tuismitheoirí ach níor chaith Máire a saol laistigh den aicme shóisialta lenar bhain sí. D'fhreastail sí ar Choláiste na Tríonóide in ainneoin cosc a bheith ar Chaitlicigh dul ann ag an am; phós sí Protastúnach in aghaidh thoil a tuismitheoirí; ina hollamh óg di, chaith sí uaithi postúlacht a gairme le dul i gcoimhlint le Bardas Bhaile Átha Cliath ag iarraidh láithreacha luachmhara seandálaíochta ar bhruach na Life a chaomhnú; agus mar abhcóide, thug sí droim láimhe do tháillí móra agus throid sí saor in aisce ar son cearta gnáthdhaoine sna cúirteanna. Chuir David McWilliams béim mhór sa chlár ar an bhfiche bliain a chaith Máire Mhic Róibín ag obair ar son chearta an duine in Éirinn, cearta na mban agus na bpáistí go háirithe.

**3** Chuir Máire Mhic Róibín an dlí ar stát na hÉireann sna 1970í os comhair na Cúirte Breithiúnais Eorpaí in Strasbourg agus os comhair Chúirt na hEorpa um Chearta an Duine sa Ghinéiv. Sna cásanna sin, bhain sí amach an ceart do mhná liúntais áirithe a fháil faoi na dlíthe Leasa Shóisialaigh in Éirinn agus an ceart a bheith mar bhaill de ghiúiré, cé gur chaill sí na cásanna céanna sa Chúirt Uachtarach in Éirinn roimhe sin! Thaispeáin sí a sáreolas ar an dlí bunreachtúil agus í os comhair na gcúirteanna sin, agus thaispeáin sí freisin a cumas aigne agus a seasmhacht mar dhuine. B'éigean dlí na tíre a athrú de bharr na mbuanna a bhí aici sna cásanna sin. Bhuaigh sí freisin cásanna a thóg sí in aghaidh an stáit chun an vóta a fháil do dhaoine ag aois a hocht déag, lena gcearta a fháil do homaighnéasaigh agus lena gcearta a thabhairt do pháistí a bheirtear do thuismitheoirí nach bhfuil pósta.



**4** Sa bhliain 1997, thairg Kofi Anann, Rúnaí Ginearálta na Náisiún Aontaithe ag an am, post di mar Ard-Choimisinéir um Chearta an Duine. Chreid Kofi Anann go gcuirfeadh Máire Mhic Róibín borradh úr nua faoi obair na Náisiún Aontaithe ar son chearta an duine. Chuaigh Máire i mbun a poist nua le díograis. Arís is arís eile léirigh sí a crógacht agus a neamhspleáchas ag cosaint cearta daonna ar fud an domhain. Le linn cuairte a thug sí ar an Tibéid, mar shampla, cháin sí forghabháil na tíre sin ag an tSín. Is minic a cháin sí na stáit sin a chleachtann pionós an bháis. Sa bhliain 2001, bhí sí ina cathaoirleach ar chomhdháil dhomhanda in aghaidh an chiníochais a reáchtáladh in Durban. Ag an gcomhdháil sin, tugadh go binbeach faoi Iosrael mar gheall ar an leatrom a bhí á imirt ag an stát sin ar na Palaistínigh. Cháin Máire í féin a raibh ar siúl ag rialtas George Bush sa chogadh in aghaidh na sceimhlitheoireachta. Cáineadh Máire go fíochmhar. Bhí tráchtairí áirithe ag maíomh go raibh sí ag tacú le *pogrom* intleachtach in aghaidh na nGiúdach. Nuair a bhraith sí nach raibh na Náisiúin Aontaithe ag seasamh léi i gceart, d'éirigh sí as a post.

**B** *ar leanúint*

**5** Chosain cuid de pholaiteoirí cumhachtacha Mheiriceá Máire agus an chaoi ar chomhlíon sí a dualgais mar Ard-Choimisinéir. Bhronn Barack Obama an gradam is airde i Meiriceá uirthi – Bonn na Saoirse. Sa bhliain 2007, tugadh cuireadh di a bheith ina ball de na *Elders*. Is buíon bheag iarstátairí mór le rá iad na *Elders*. Tá leithéidí Nelson Mandela, Jimmy Carter, Graca Michel agus Li Zhaoxing ina mbaill den ghrúpa seo.



Tá sé mar aidhm acu aird a tharraingt ar áit ar bith ar domhan ina bhfuil an tsíocháin agus cearta an duine i mbaol. Faoi láthair tá na Elders ag obair le George Mitchel, Mahmoud Abass, Tony Blair agus le daoine eile ag iarraidh cainteanna síochána a chur ar siúl idir na Palaistínigh agus Iosrael. Cibé rud a tharlóidh ansin, tá rud amháin cinnte: ní chuirfear Máire Mhic Róibín ina tost; ní scanrófar í; mura gcaitear go cóir leis na Palaistínigh cloisfidh an domhan mór faoi.

***Ceisteanna***

**1** (a) Cé a bheadh i dteideal an ghradaim *An Phearsa is Mó i Stair na hÉireann*? (Alt 1) (3 mharc)

(b) Luaigh eachtra **amháin** óna tréimhse mar Uachtarán a bhfuil cuimhne air **agus** cén míniú a bhí ag an údar ar a himeacht ó chuimhne daoine? (Alt 1) (4 mharc)

**2** (a) Cén rud faoi Mháire Mhic Róibín is mó a thug clár David Mc Williams chun cuimhne fúithi? (Alt 2) (3 mharc)

(b) Luaigh cúis aighnis a bhí ag Máire (i) lena tuismitheoirí; (ii) le Bardas Bhaile Átha Cliath. (Alt 2) (4 mharc)

**3** (a) Conas a d'athraigh Máire Mhic Róibín stair an dlí in Éirinn? (Alt 3) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** shampla de na cearta a bhuaigh Máire Mhic Róibín do mhná os comhair na gCúirteanna Eorpacha. (Alt 3) (4 mharc)

**4** (a) Cén fáth ar thairg Kofi Anann an post mar Ardchoimisinéir um Chearta Daonna do Mháire Mhic Róibín? (Alt 4) (3 mharc)

(b) Luaigh **dhá** shampla den chaoi ar thaispeáin Máire Mhic Róibín a neamhspleáchas mar Ardchoimisinéir um Chearta Daonna. (Alt 4) (4 mharc)

**5** (a) Conas a léirigh an tUachtarán Obama a mheas ar Mháire Mhic Róibín? (Alt 5) (3 mharc)

(b) Cén obair a bhíonn ar siúl ag Máire Mhic Róibín leis na *Elders*? (**Dhá** pointe). (Alt 5) (4 mharc)

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

| SCRÚDUIMHIR |
|---|
| |

## *Scrúdú na hArdteistiméireachta 2011*

| Stampa an Ionaid |
|---|
| |

# *Gaeilge Ardleibhéal*

## Triail Chluastuisceana

100 MARC

**Dé Luain, 13 Meitheamh**
**Tráthnóna, 4.30 go dtí 5.10**

| *Don Scrúdaitheoir* | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **CUID A** | | **CUID B** | | **CUID C** | |
| Ceist | Marc | Ceist | Marc | Ceist | Marc |
| 1 | | 1 | | 1 | |
| 2 | | 2 | | 2 | |
| 3 | | 3 | | 3 | |
| Iom. | | Iom. | | Iom. | |

| *Na hIomláin* | |
|---|---|
| **A (30)** | |
| **B (40)** | |
| **C (20)** | |

| | |
|---|---|
| **Eolas (90)** | |
| **Gaeilge (10)** | |
| **Móriomlán** | |

# *Treoracha d'iarrthóirí*

***Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.***

# *Cuid A*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** d'fhógraí raidió sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## FÓGRA A hAON

**1.** **(a)** Cén eagraíocht atá ag fógairt an phoist seo?

**(b)** Ainmnigh **dhá** áit i nGaeltacht Chiarraí atá luaite.

**2.** Luaigh cúram **amháin** a bheidh ar an duine a cheapfar.

**3.** **(a)** Luaigh cáilíocht **amháin** is gá a bheith ag an duine seo.

**(b)** Cén **dá** rud is ceart a chur chuig an Rúnaí?

## FÓGRA A DÓ

**1.** Cad atá á sheoladh **agus** cathain a sheolfar é?

**2.** **(a)** Cén saghas comhlachta é *Seol – Maith thú*?

**(b)** Cé mhéad téarma a bhfuil aistriú le fáil orthu?

**3.** **(a)** Cén saghas ruda é *focalgaeilge.ie*?

**(b)** Cé a thug moladh mór don obair seo?

## FÓGRA A TRÍ

**1.** Cé uaidh ar tháinig an fógra seo?

______________________________

**2.** **(a)** Cá mbeidh an lá spóirt ar siúl?

______________________________

**(b)** Luaigh comórtas **amháin** a bheidh ar siúl.

______________________________

**3.** **(a)** Cé a chuirfidh na duaiseanna ar fáil?

______________________________

**(b)** Luaigh imeacht pléisiúir **amháin** a bheidh ar siúl.

______________________________

# *Cuid B*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de chomhráite sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **trí huaire**.
Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina ***dhá mhír*** é.
Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

## COMHRÁ A hAON

***An Chéad Mhír***

**1.** Cén rud a bhfuil deireadh leis, dar le hAindriú?

______________________________

**2.** Luaigh rud **amháin** as a dtiocfaidh jabanna, dar le hAindriú.

______________________________

**3.** Tabhair píosa **amháin** eolais a luann Síle faoi na daoine óga.

______________________________

***An Dara Mír***

**1.** Cén seanfhocal a luann Aindriú?

______________________________

**2.** **(a)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an Astráil, dar le Síle.

______________________________

**(b)** Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an mbaile, dar le hAindriú.

______________________________

## COMHRÁ A DÓ

***An Chéad Mhír***

**1.** Cé hiad na daoine i dteaghlach Mháire atá tugtha do na cláir seo?

______________________________________________

**2.** Cathain ba mhaith le Pádraig páirt a ghlacadh sna cláir seo?

______________________________________________

**3.** **(a)** Cén deis a thugann na cláir seo do dhaoine, dar le Máire?

______________________________________________

**(b)** Cén dream daoine a chuireann as do Mháire?

______________________________________________

***An Dara Mír***

**1.** Cén rud is ceart a rá glan amach le hiomaitheoirí, dar le Pádraig?

______________________________________________

**2.** **(a)** Cad a bhíonn ar siúl ag cuid de na moltóirí uaireanta, dar le Máire?

______________________________________________

**(b)** Cén fáth a raibh Simon Cowell ar tí tosú ag magadh faoi Susan Boyle, dar le Pádraig?

______________________________________________

**3.** Cad a chuir deireadh leis an magadh, dar le Máire?

______________________________________________

## COMHRÁ A TRÍ

***An Chéad Mhír***

**1.** **(a)** Cá bhfuair athair Des Bishop bás **agus** cén galar a bhí air, dar le Ciarán?

______________________________

**(b)** Cén fáth ar bronntanas ó Neamh é Des Bishop do na heagraíochtaí Gaeilge, dar le Nóirín?

______________________________

**2.** Cé mhéad ama a thóg sé ar Des Bishop máistreacht a fháil ar an nGaeilge, dar le Nóirín?

______________________________

***An Dara Mír***

**1.** Cén difear atá idir Des Bishop agus an bheirt chainteoirí maidir le foghlaim na Gaeilge de, dar le Nóirín?

______________________________

**2.** Tabhair píosa **amháin** eolais faoi choláiste Gaeilge a thaitneodh le Nóirín.

______________________________

**3.** Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin múinteoir nua Gaeilge, dar le Ciarán.

______________________________

# *Cuid C*

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de phíosaí nuachta raidió/teilifíse sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

## PÍOSA A hAON

**1.** Cár léiríodh an dráma nua le Micheál Ó Conghaile?

______________________________

**2.** **(a)** Luaigh **dhá** chineál leabhar atá scríofa ag Micheál.

______________________________

**(b)** Cár cuireadh aithne ar na haisteoirí a ghlac páirt sa dráma?

______________________________

## PÍOSA A DÓ

**1.** Cé dó ar tugadh onóir an tseachtain seo caite?

______________________________

**2.** Conas a tharla gur tháinig sé go dtí an Clochán Liath a chéaduair?

______________________________

**3.** **(a)** Cá háit a mbíodh a chlinicí aige sa Chlochán Liath?

______________________________

**(b)** Cá bhfuil a sheomraí aige le fada anois?

______________________________

## PÍOSA A TRÍ

**1.** Cén post atá faighte ag Ritchie Ó hEadhra i Loch Garman?

______________________________

**2.** Cén aithne a bheadh ag daoine ar Ritchie roimhe seo?

______________________________

**3.** Cad a eagróidh Ritchie i Loch Garman gach samhradh as seo amach?

______________________________